Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2024/1192

26.4.2024

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/1192 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 24 Aibreán 2024**

**maidir le maolú sealadach a deonaíodh don Bheilg, don Fhrainc agus don Ísiltír ar dhálaí margaíochta Threoir 2002/57/CE ón gComhairle le haghaidh ros lín deimhnithe**

*(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2024) 2563)*

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2002/57/CE ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir le síol plandaí ola agus plandaí snáithín a mhargú ([1]), agus go háirithe Airteagal 21(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I dTreoir 2002/57/CE leagtar amach ceanglais maidir le síol plandaí ola agus plandaí snáithín a mhargú san Aontas. I gcomhréir le hAirteagal 2(1), pointe (i) den Treoir sin, ceadaítear ros lín deimhnithe a tháirgeadh go dtí an tríú glúin ó shíol deimhnithe agus ní mór na coinníollacha a leagtar síos in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann leis an Treoir sin maidir le síol deimhnithe a chomhlíonadh i gcás an tsíl sin, lena n-áirítear na coinníollacha faoi seach le haghaidh iniúchtaí allamuigh a bhaineann leis an sainaitheantas cineáil.

(2) Tá easnamh tromchúiseach lín ann sa Bheilg, sa Fhrainc agus san Ísiltír de dheasca dálaí deacra fáis le haghaidh lín le blianta beaga anuas mar gheall ar thonnta teasa, triomach agus báisteach theoranta le linn na tréimhse fáis.

(3) Mar thoradh air sin, níl ach méid teoranta rois lín ar fáil don Bheilg, don Fhrainc agus don Ísiltír agus ní leor é i dtéarmaí na gcainníochtaí is gá chun na síolta a chur.

(4) Ón bhfaisnéis a soláthraíodh don Choimisiún, dealraítear, san iomlán, go bhfuil gá le cainníocht rois lín de1 500 tona i gcás na Beilge, 1 500 tona i gcás na Fraince agus 270 tona i gcás na hÍsiltíre chun na deacrachtaí soláthair a réiteach ar feadh tréimhse go dtí an 30 Meitheamh 2024. Leis an bhfaisnéis a soláthraíodh don Choimisiún, léirítear, san iomlán, go bhfuil gá le cainníocht rois lín de 500 tona i gcás na Beilge, 4 000 tona i gcás na Fraince agus 400 tona i gcás na hÍsiltíre chun na deacrachtaí soláthair sin a réiteach ar feadh tréimhse bhreise go dtí an 30 Meitheamh 2025.

(5) Níl Ballstáit eile in ann riachtanais na Beilge, na Fraince agus na hÍsiltíre féin a chumhdach.

(6) I bhfianaise na n-imthosca sin, bhí deacrachtaí sealadacha ann maidir le soláthar ginearálta róis lín deimhnithe agus tá coinne leis go leanfar de na deacrachtaí sin a bheith ann sa Bheilg, sa Fhrainc agus san Ísiltír. Ní féidir na deacrachtaí sin a shárú ach amháin trí mhargú rois lín deimhnithe arna tháirgeadh sa Bheilg, sa Fhrainc agus san Ísiltír ón gcatagóir síl deimhnithe den tríú glúin a chomhlíonann ceanglais nach bhfuil chomh dian céanna leis na ceanglais i Treoir 2002/57/CE san Aontas a cheadú ar feadh tréimhse sonraithe agus faoi réir uaschainníocht iomchuí ba ghá chun na deacrachtaí soláthair a réiteach.

(7) Mar a d'iarr na Ballstáit sin, baineann na maoluithe ar na ceanglais is infheidhme leis an líon glún a cheadaítear ar cheart dóibh an tríú glúin a shárú, de pháirt amháin, agus le héagmais an iniúchta allamuigh sula ndeimhneofar an síol, den pháirt eile.

(8) Dá bhrí sin, is iomchuí go gceadóidh na Ballstáit ros lín deimhnithe arna tháirgeadh sa Bheilg, sa Fhrainc agus san Ísiltír ó ghlúin a táirgeadh tar éis an tríú glúin de shíol deimhnithe a mhargú san Aontas ar feadh tréimhse sonraithe.

([1]) IO L 193, 20.7.2002, lch. 74, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2002/57/oj.

(9) Mar a d’iarr na Ballstáit sin, baineann na maoluithe ar na ceanglais is infheidhme le héagmais an iniúchta allamuigh sula ndeimhneofar an síol. Dá bhrí sin, is iomchuí margú rois lín deimhnithe arna tháirgeadh sna Ballstáit sin ó ghlúin a táirgeadh tar éis an tríú glúin de shíol deimhnithe a údarú, gan iniúchtaí allamuigh a dhéanamh roimh ré.

(10) Ar chúiseanna a bhaineann le comhordú agus le faireachán éifeachtach a dhéanamh ar an maolú seo, is iomchuí go ndéanfaidh údaráis inniúla na Beilge, na Fraince agus na hÍsiltíre faisnéis a mhalartú eatarthu féin, agus fógra a thabhairt don Choimisiún freisin, maidir leis na méideanna rois lín atá faoi réir na maoluithe agus maidir leis na hoibreoirí lena mbaineann.

(11) Chun faireachán éifeachtach ar an maolú sin a áirithiú, ba cheart don Bheilg, don Fhrainc agus don Ísiltír fógra a thabhairt láithreach don Choimisiún agus do na Ballstáit eile maidir leis na cainníochtaí ar dheonaigh siad údarú margaíochta ina leith de bhun an Chinnidh seo.

(12) Na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Údarú i ndáil le margú síl deimhnithe nach ndearnadh iniúchadh allamuigh ina leith maidir leis an sainaitheantas cineáil**

1. Go dtí an 30 Meitheamh 2024, ros lín deimhnithe arna tháirgeadh sa Bheilg, sa Fhrainc agus san Ísiltír ó shíol den chatagóir ‘síol deimhnithe, an tríú glúin’ nach ndearnadh iniúchadh allamuigh ina leith maidir leis an sainaitheantas cineáil faoi réir Airteagail 3 go 5, ceadóidh na Ballstát é a mhargú san Aontas.

2. Ní sháróidh cainníocht iomlán an tsíl dá dtagraítear i mír 1 an méid seo a leanas:

(a) 1 500 tona le haghaidh táirgeadh sa Bheilg;

(b) 1 500 tona le haghaidh táirgeadh sa Fhrainc;

(c) 270 tona le haghaidh táirgeadh san Ísiltír.

*Airteagal 2*

**Údarú Údarú i ndáil le margú síl deimhnithe de ghlúin tar éis an tríú glúin chun síol deimhnithe de ghlúin tar éis an tríú glúin a mhargú**

1. Go dtí an 30 Meitheamh 2025, ceadóidh na Ballstáit síol deimhnithe arna tháirgeadh sa Bheilg, sa Fhrainc agus san Ísiltír a mhargú san Aontas ó shíol den chatagóir ‘síol deimhnithe, an tríú glúin’ faoi réir mhír 2 d’Airteagail 3 go 5.

2. Ní sháróidh cainníocht iomlán an tsíl dá dtagraítear i mír 1 an méid seo a leanas:

(a) 500 tona le haghaidh táirgeadh sa Bheilg;

(b) 4 000 tona le haghaidh táirgeadh sa Fhrainc;

(c) 400 tona le haghaidh táirgeadh san Ísiltír.

*Airteagal 3*

**Ceanglais maidir le lipéadú**

Gan dochar do na ceanglais maidir le lipéadú a leagtar amach i dTreoir 2002/57/CE, beidh an méid seo a leanas ar an lipéad oifigiúil:

(a) i gcás an tsíl dá dtagraítear in Airteagal 1, an ráiteas nach ndearnadh iniúchadh allamuigh ina leith maidir leis an sainaitheantas cineáil;

(b) i gcás an tsíl dá dtagraítear in Airteagal 2, an ráiteas go mbaineann an síol sin le glúin níos ísle ná an tríú glúin de shíol deimhnithe.

*Airteagal 4*

**Malartú faisnéise faoi na cainníochtaí údaraithe**

Cuirfidh údaráis inniúla na Beilge, na Fraince agus na hÍsiltíre a chéile agus an Coimisiún ar an eolas láithreach faoi na hoibreoirí a bhaineann úsáid as na maoluithe sin agus faoi na hoibreoirí ar cuireadh an síol sin ar an margadh dóibh.

*Airteagal 5*

**Fógra maidir le cainníochtaí údaraithe**

Déanfaidh an Bheilg, an Fhrainc agus an Ísiltír fógra a thabhairt láithreach don Choimisiún agus do na Ballstáit eile maidir leis na cainníochtaí ar dheonaigh siad údarú margaíochta ina leith de bhun an Chinnidh seo.

*Airteagal 6*

**SEOLAITHE**

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Aibreán 2024.

*Thar ceann an Choimisiúin*
Stella KYRIAKIDES
*Comhalta den Choimisiún*